American Idol

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin bhaint atá ag Éirinn leis an chlár *American Idol* na bliana.
Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén cineál cláir é *American Idol*?
An bhfuil clár cosúil leis ar an taobh seo den Atlantach? Cad é?
An bhfuil aon ní ar eolas agat faoin bheirt seo: Siobhán Magnus nó Keith Semple?

Ceist 2 Déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail/frásaí thíos a aimsiú leis an duine in aice leat sula bhféachann tú ar an mhír.

Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus aimsigh an leagan a bhí le cloisteáil inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

1. singing competition _____
2. she will have to face the judges _____
3. in the semi-finals _____
4. we have good reason _____
5. the world's attention _____
6. prominent competition _____
7. to achieve world fame _____
8. the judges support _____
9. necessary _____
10. he will be prohibited _____
11. any more _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad a d'fhoghlaim tú faoi Shiobhán Magnus?

2. Cén fáth go bhfuil baol ann nach mbeidh Keith Semple in ann cur isteach ar an chomórtas?

3. Breac síos 3 fhíric a luadh sa mhír faoin chlár *American Idol*.

4. Cén stáisiún teilifíse a bheidh ag craoladh an chomórtais oíche amárach?

Ceist 4 **‘**Bíonn aird *na cruinne* orthu’ agus ‘contae *na Gaillimhe*’.

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail *i gcló iodálach* thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois déanaigí iarracht na habairtí thíos a chríochnú ag baint úsáide as na focail atá idir lúibíní.

1. Tá an oifig in aice le teach _____. (an chúirt)
2. Cheap mé go raibh gúna _____ go hálainn. (an bhean)
3. Bhí an bruscar ar fud _____. (an áit)
4. Tá tithe _____ sin an-ghalánta agus an-daor. (an tsráid)
5. Ní bheidh mé in ann dul ar saoire le linn _____ de bharr barraíocht oibre. (an mhí)
6. Chuir méid _____ scanradh orm. (an obair)
7. Chuala mé go raibh freastalaithe _____ sin an-drochbhéasach. (an bhialann)
8. Is breá liom ailt _____ a léamh gach mí. (an iris)
9. Tá foirgneamh _____ uafásach, i mo thuairimse. (an leabharlann)
10. Beidh mé ag dul chun _____ liom féin ar an drochuair. (an cheolchoirm)

Ceist 5 **(a)** Cuir Gaeilge ar na huimhreacha seo a bhí le cloisteáil sa mhír agus bí in ann na rialacha a bhaineann leo a mhíniú.

19 years old
14 people
30 million people

(b) Anois, bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí Gaeilge ar na huimhreacha seo:

12 judges
2nd floor
1st year
16 children
18 houses
60 cars

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad a cheapann tú faoin chineál cláir seo ?
An síleann tú gur caitheadh go holc le Susan Boyle?
Ar mhaith leat féin a bheith páirteach i gcomórtas mar seo? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2
Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. singing competition ***comórtas amhránaíochta***
2. she will have to face the judges ***aghaidh a thabhairt ar na moltóirí***
3. in the semi-finals ***sna babhtaí leathcheannais***
4. we have good reason ***tá údar maith againn***
5. the world's attention ***aird na cruinne***
6. prominent competition ***comórtas mór le rá***
7. to achieve world fame ***clú agus cáil domhanda a bhaint amach***
8. the judges support ***tacaíocht na moltóirí***
9. necessary ***riachtanach***
10. he will be prohibited ***cuirfear cosc air***
11. any more ***a thuilleadh***

Ceist 3
1. Tá sí ina cónaí i Cape Cod i Massachusetts ach tá ceangal aici le contae na Gaillimhe. Níl sí ach naoi mbliana déag d'aois. Tá sí ag glacadh páirte sa bhabhta leathcheannais de *American Idol* amárach.
2. Tá amhras ann faoina stádas cónaithe agus faoi chúrsaí víosa sna Stáit Aontaithe.
3. An comórtas is mó amhránaíochta ar an domhan. / Tuairim is tríocha milliún duine a bhíonn ag féachaint ar an chlár. / Caithfidh tú a bheith i do chónaí sna Stáit Aontaithe chun cur isteach ar an chomórtas.
4. Fox.

Ceist 4
An tuiseal ginideach uatha atá i gceist anseo, le focail bhaininscneacha.

1. Tá an oifig in aice le teach **na cúirte**.
2. Cheap mé go raibh gúna **na mná** go hálainn.
3. Bhí an bruscar ar fud **na háite**.
4. Tá tithe **na sráide** sin an-ghalánta agus an-daor.
5. Ní bheidh mé in ann dul ar saoire le linn **na míosa** de bharr barraíocht oibre.
6. Chuir méid **na hoibre** scanradh orm.
7. Chuala mé go raibh freastalaithe **na bialainne** sin an-drochbhéasach.
8. Is breá liom ailt **na hirise** a léamh gach mí.
9. Tá foirgneamh **na leabharlainne** uafásach, i mo thuairimse.
10. Beidh mé ag dul chun **na ceolchoirme** liom féin ar an drochuair.

Ceist 5 (a)
19 years old – *naoi mbliana déag d'aois*
(is ainmfhocal neamhrialta é 'bliain')
14 people – *ceithre dhuine dhéag*
(baineann na rialacha céanna le duine a chomhaireamh tar éis 10 is a bhaineann le rud a chomhaireamh, agus mar sin má chríochnaíonn an t-ainmfhocal (rialta) le guta cuirtear séimhiú ar 'déag')
30 million people – *tríocha milliún duine*
(as 20 amach fágtar an t-ainmfhocal san uimhir uatha)

(b)
12 judges – dhá mholtóir déag
2nd floor – an dara hurlár
1st year – an chéad bhliain
16 children – sé pháiste dhéag
18 houses – ocht dteach déag
60 cars – seasca gluaisteán.

Ceist 6
Is féidir gach beirt nó grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Éimear Ní Chonaola
San oíche amárach sa gcomórtas amhránaíochta is mó ar domhan *American Idol*, tabharfaidh bean óg a bhfuil ceangal aici le contae na Gaillimhe aghaidh ar na moltóirí agus ar an lucht féachana sna babhtaí leathcheannais. Beidh Siobhán Magnus, nach bhfuil ach naoi mbliana déag d'aois, i measc ceithre dhuine dhéag atá ag iarraidh áit a bhaint amach sa mbabhta ceannais de *American Idol*. Seo í Áine Lally.

Áine Lally
Tuairim is tríocha milliún duine a bhíonn ag faire ar an gclár *American Idol* chuile sheachtain sna Stáit Aontaithe. Agus anois tá údar maith againne breathnú ar an gclár. Tá *American Idol* ar cheann de na cláir[1] is mó ar domhan agus bíonn aird na cruinne orthu siúd a théann chomh fada leis na babhtaí leathcheannais agus go háirithe na babhtaí ceannais. Chuile bhliain cuireann na mílte agus na mílte isteach ar an gcomórtas mór le rá agus baineann an té a bhuann é clú agus cáil domhanda amach dó féin.

San oíche amárach ar stáisiún Fox beidh bean óg a chreidtear a bhfuil ceangal aici le contae na Gaillimhe san iomaíocht. Beidh Siobhán Magnus a bhfuil cónaí uirthi i Cape Cod i Massachusetts ar an stáitse, agus beidh uirthi leithéidí Simon Cowell, Randy Jackson, chomh maith leis an lucht féachana a shásamh. Níl Siobhán Magnus ach naoi mbliana déag d'aois agus tá súil go bhfeicfidh muid sa mbabhta ceannais í go gairid.

Agus bhí ceangal láidir Éireannach eile le *American Idol* na bliana seo. D'éirigh leis an amhránaí Keith Semple as Latharna i dTuaisceart Éireann tacaíocht na moltóirí a fháil chun cáiliú do na babhtaí deireanacha de *American Idol*. D'éirigh leis aird na meán a tharraingt air féin chomh maith. Ach, cé go bhfuil víosa oibre aige, a deir sé, ardaíodh ceist faoina stádas buan i Meiriceá, rud atá riachtanach le hiarratas a dhéanamh ar an gcomórtas amhránaíochta. Mura mbeidh sé sin socraithe in am cuirfear cosc air a bheith páirteach a thuilleadh.
Áine Lally, Nuacht TG4.

[1] cláracha a deirtear